d'ḟan sé ansin agus ċoinniġ ar nó gur ċuir sé brat de na craicne caoraċ ar an ngearán agus é ag cur na staiceanna sailí seo isteaċ ionntu. Nuair a ḃí an obair críoċnaiṫe arnó ní raiḃ mórán barúil aige go ndéanfaḋ sé aon ċúis. Ṫug sé amaċ an gearán arís. agus scaoil sé amaċ é ar an sliaḃ agus d'ḟan sé ansin cupla lá. Ní ḃeaḋ ḟios agat an raiḃ sé dul i ndonnaċt nó a raiḃ feaḃas ag teaċt air. Aċ tar éis na cupla lá ṫosaiġ sé ag innealtra ċart an an sliaḃ agus ċuile lá níos mó ḃí feaḃas le feiceál ar an ngearrán agus le imeaċt aimsire d'ḟás na craicne caoraċ go breá agus in éineaċt leis sin ṫosaiġ an tsail ag fás agus an ḃliain dár gcionn ḃain sé áḃar trí péire cléiḃ den ġearrán - ḃí an oiread sin de ċoill ṡailí air agus ḃain sé ḋá ċloċ olna dó agus ḃíoḋ sé ag déanaṁ obair ċuile ċapall eile ċoṁ maiṫ nó ag déanaṁ a ċuid oibre seisean ar ċaoi ar biṫ.

Seán Ó Donnċaḋa.

++++++++++++++++++++++++++++++

## An Sean-ḟear agus an Ministéara

Ḃí sean-ḟear aon uair aṁáin agus sean-ḟear an-diaganta a ḃí ann aċ buaileaḋ suas le pianta cnáṁ agus scoilteaċa é agus sé an t-asal a ṫugaḋ sé leis ċuile ṁaidin a' goil ag an Aifreann agus ḃí an créatúr a' goil ag an Aifreann ċuile ṁaidin. Aċ an ṁaidin seo nuair a d'éiriġ sé ḃí an t-asal imiṫe agus nuair a ċuaiġ sé ag cuartú an asail cén áit ar friṫeaḋ an t-asal aċ istiġ i ngáirdín an Ṁinistéara agus ḃí go leor milteanas déanta aige. Ḃí an ministéara le buille agus le báinní, ḃí sé le dlí cur ar mo ḋuine. Dúirt mo ḋuine leis naċ raiḃ aon ṁaiṫ dó ann, naċ mbaineaḋ sé aon ċeo dó féin. Bainfiḋ mé rud éigint duit deir sé nó gaḃaḋ tú san bpríosún. Dona go leor deir mo ḋuine. Ḃfuil ḟios agat adeir an ministéara céard a ḋéanfas mé leat? Déanfaiḋ mé margaḋ anois leat. Bíonn tú a' goil ag an Aifreann ċuile ṁaidin. Bíonn adeir mo ḋuine. Má ṫagann tú a'm a anois adeir sé ċuile ṁaidin in áit a ġoil ag an Aifreann, ní ḃacfaiḋ muid céard atá millte ag an asal níos mó. Tá go maiṫ adeir sé, tá mise sásta. Maidin lá arna ṁáireaċ ċroċ sé leis an t-asal agus rinne sé súráilte naċ mbeaḋ an t-asal imiṫe aċ oiread agus ċuaiġ sé ag an Aifreann agus ar a ḃealaċ aḃaile ḃí an Teampall gállda roiṁe agus ċeangail sé an t-asal taoḃ amuiġ, agus ṫiaiġ sé isteaċ agus ṡiúl sé síos agus aníos. Lá arna ṁáireaċ rinne sé an rud céanna agus leis an scéal fada a ḋéanaṁ gearr ḃí sé ḋá ḋéanaṁ in imeaċt coicíse agus arnó ní raiḃ sé ḋá ḋéanaṁ i ngan ḟios don Ṁinistéara agus ḃí sé roiṁe an ṁaidin seo. "Nár ġeall tú domsa", adeir sé, "go dtiocfá a'm ċuile ṁaidin." "Agus naċ ḃfuil mé teaċt ċuile ṁaidin," adeir sé, "ó ṡoin". "Tá tú," adeir an ministéara, "aċ tá tú a' goil ag an Aifreann ar dtús." "Ó, táim" adeir sé. "Tá mé a' goil ag an Aifreann", adeir sé, "le m'anam a ṡáḃáil, agus tá mé teaċt a'tsa," adeir sé, "le m'asal a ṡáḃáil."

Seán Ó Donnċaḋa.